Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An Ciste um Struchtúir Stairiúla

2027 Treoirleabhar d'Iarratasóirí



Ullmhaithe ag An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
gov.ie/tithiocht

Contents

Cúlra agus Cuspóir na Scéime 3

Forléargas Ar an Scéim — Cé Atá in Ann Iarratas A Dhéanamh, Tionscadail Incháilithe 4

Struchtúr na Scéime 5

Oibreacha Cáilitheacha 6

Oibreacha Neamh-Incháilithe Do Mhaoiniú 7

Cáilíocht na nOibreacha 8

Conas iarratas a Dhéanamh 9

Measúnú 10

Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn Tionscadail 10

Tuarascálacha Rialta Ar Dhul Chun Cinn 10

Maoiniú a Aischúiteamh 11

Nóta Treorach maidir le Ráitis Mhodha 12

Sonraí Teagmhála 13

Téarmaí & Coinníollacha Deontais 13

Cúlra agus Cuspóir na Scéime

Cuireann an treoir seo eolas ar fáil **d'iarratasóirí** maidir le próiseas iarratais agus oibriú **an Chiste um Struchtúir Stairiúla (CSS) 2027**.

Tá timpeallacht thógtha uathúil ar ardchaighdeán ag Éirinn — is cuid ríthábhachtach dár n-oidhreacht iad ár bhfoirgnimh agus ár struchtúir stairiúla. Tá beagnach caoga míle struchtúr cosanta ar fud na hÉireann. Tá infheistíocht de dhíth ar go leor díobh seo chun a gcaomhnú agus a n-úsáid leanúnach a chinntiú ionas go mbeidh siad fós ina gcuid bheo dár stair agus dár saol pobail amach anseo.

Cé gur ar an úinéir atá an phríomhfhreagracht aire a thabhairt do struchtúr atá faoi chosaint agus é a chothabháil, déanfaidh **Ciste na Struchtúr Stairiúil** caipiteal riachtanach a infheistiú inár n-oidhreacht thógtha luachmhar agus cabhróidh sé le húinéirí agus coimeádaithe struchtúr stairiúil iad a chosaint amach anseo ar mhaithe le pobail agus leis an bpobal**.**

Reáchtáiltear an CSS in éineacht leis **an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha (SIOT)** a infheistíonn in oibreacha caomhnaithe ar scála níos lú.

Is iad príomhaidhmeanna an chiste seo ná:

- cur ar chumas oibreacha caomhnaithe ar scála níos mó a dhéanamh ar struchtúir stairiúla a mheastar a bheith suntasach agus a bhfuil tacaíocht phráinneach de dhíth orthu;

- athghiniúint agus athúsáid struchtúr stairiúil a spreagadh agus cabhrú le struchtúir chosanta agus foirgnimh stairiúla eile a chaomhnú;

- tacú le hinfheistíocht caipitil phríobháidigh i dtionscadail dlúthshaothair chun struchtúir stairiúla in úinéireacht phoiblí agus phríobháideach a chaomhnú ar mhaithe leis an bpobal.

- tacú le fostaíocht sna tionscail chaomhantais agus tógála.

- athléimneacht a chothú inár struchtúir stairiúla chun cur ar a gcumas éifeachtaí an athraithe aeráide a sheasamh.

Forléargas Ar an Scéim — Cé Atá in Ann Iarratas A Dhéanamh & Tionscadail Incháilithe

Cuireann an Ciste do Struchtúir Stairiúla maoiniú caipitil ar fáil d'oibreacha ar struchtúir cháilitheacha lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(i) **Struchtúir faoi Chosaint:** Struchtúir i dTaifead na Struchtúr faoi Chosaint (RPS) de chuid gach Údarás Áitiúil;

(ii) **Struchtúir atá beartaithe lena n-áireamh san RPS** ach nach bhfuil ceadaithe go foirmiúil fós lena gcur san áireamh

(iii) **Struchtúir nó oibreacha laistigh de Limistéir Chaomhantais Ailtireachta** (ACAnna), nó laistigh de thaitneamhacht Shéadchomhartha Náisiúnta, nuair a bhíonn cúinsí eisceachtúla i gceist.

Struchtúr na Scéime

Déanfar an Ciste um Struchtúir Stairiúla 2027 a struchtúrú mar seo a leanas:

Ciste um Struchtúir Stairiúla	Deontais idir EUR 50,000 agus EUR 200,000, nó i gcúinsí eisceachtúla os cionn EUR 200,000.	Feabhsú níos mó nó tionscadail suntasacha athchóirithe a bhaineann le struchtúir stairiúla, ina bhfuil tairbhe shoiléir léirithe do phobail agus don phobal.	50% de na costais incháilithe. I gcúinsí eisceachtúla **d'fhéa dfa í** céatadán níos airde a lorg, faoi réir uasmhéid 80%.

Féadfar deontais a chéimniú thar dhá bhliain Ní éilítear go roinnfear an maoiniú 50/50 thar an dá bhliain. Ba chóir d'iarratasóirí rathúla a Litir Thairiscint a sheiceáil chun sonraí a fháil faoin conas ba chóir maoiniú a chaitheamh thar an dá bhliain, nuair is cuí.

Féadfar deontas os cionn EUR 200,000 a bhronnadh i gcúinsí eisceachtúla sa chás go dtugann an t-iarratasóir cás maidir le tábhacht an tionscadail agus na hoibreacha atá beartaithe.

Oibreacha Cáilitheacha

Tá doiciméad mionsonraithe ar leith ina bhfuil liosta de chineálacha éagsúla Oibreacha Cáilithe/Neamhcháilithe ar fáil in Aguisín V. Seo a leanas achoimre thráscach ar na cineálacha ginearálta oibreacha:

- **Díonta:**
  - Oibreacha chun cobhsaíocht struchtúrach agus/nó déine aimsire dín a chinntiú agus ábhair agus sonraí cuí á n-úsáid.
  - Oibreacha chun athnuachan a dhéanamh ar leathánra miotail, líneálacha gáitéir agus fleascadh, damáistithe nó atá ar iarraidh.

- **Diúscairt uisce báistí:**
  - Oibreacha chun earraí uisce báistí a dheisiú nó, sa chás nach féidir sin a dhéanamh, chun diúscairt éifeachtach uisce ón bhfoirgneamh a chinntiú

- **Ballaí seachtracha:**
  - Oibreacha chun cobhsaíocht struchtúrach agus/nó déine aimsire an imchlúdaigh foirgnimh a chinntiú trí ábhair agus sonraí cuí a úsáid.
  - Oibreacha chun lochtanna nó fadhbanna a leigheas a d'fhéadfadh damáiste tromchúiseach a chruthú sa todhchaí mura ndéantar cóireáil orthu.

- **Fuinneoga, doirse agus eilimintí gaolmhara:**
  - Oibríonn sé chun dul isteach uisce a chosc.
  - Oibreacha chun gnéithe suntasacha den siúinéireacht sheachtrach a dheisiú agus íosmhéid d'adhmad lofa á athsholáthar.
  - Fuinneoga dhaite agus oibreacha gaolmhara a dheisiú de réir an dea-chleachtais.

- **Taobh istigh:**
  - Oibreacha chun gnéithe struchtúracha inmheánacha ar nós urlár, ballaí, staighrí agus landairí a dheisiú.

- Oibreacha chun gnéithe maisiúla suntasacha agus saothar ealaíne ar nós plástair balla agus síleála, siúinéireacht inmheánach agus fearais agus eilimintí maisiúla a chaomhnú de réir mar is cuí.

- **Oibreacha sealadacha:**
  - Oibreacha chun an riosca a laghdú do struchtúr ó thitim fhéideartha nó pháirteach.

- **Fothracha stairiúla:**
  - Oibreacha chun saoirseacht nó gnéithe eile atá i mbaol a chobhsú.

- **Oibreacha eile:**
  - Féadfaidh an t-iarratasóir cás a dhéanamh le haghaidh oibreacha eile a mheasann siad a bheith thar a bheith tábhachtach lena mbreithniú ag an Roinn.

Oibreacha Neamh-Incháilithe Do Mhaoiniú

Ní bheidh na nithe seo a leanas incháilithe do mhaoiniú:

i. Oibreacha ar cuireadh tús leo roimh bhronnadh an deontais
ii. Foirgnimh nua nó sínte
iii. Suiteáil choirí neamhspleácha a fheidhmíonn le breoslaí iontaise
iv. Oibreacha nach bhfuil de réir dea-mhodh oibre agus dea-chleachtais chaomhnaithe
v. Tailte nó foirgnimh a cheannach
vi. Staidéir indéantachta
vii. Pleananna caomhnaithe nó aon chaiteachas neamh-chaipitiúil eile, ach amháin má tá baint dhíreach acu le hoibreacha caipitiúla atá á maoiniú faoin gCiste.
viii. Oibreacha in áiteanna ina bhfuil oibreacha maoinithe faoi Chiste na Struchtúr Stairiúil ar siúl cheana (ceadaítear deontais chomhleanúnacha ach ní cheadaítear deontais chomhreathacha)

Cáilíocht na nOibreacha

Ní mór do ghairmí caomhantais tógála, atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí chuí acu, na hoibreacha caomhantais a dhearadh, a shonrú agus a mhaoirsiú ar an láthair agus beidh orthu a dheimhniú ar chríochnú na n-oibreacha go bhfuil na hoibreacha déanta ar chaighdeán sásúil agus i gcomhréir le dea-chleachtas caomhantais. Ba cheart **creidiúnú caomhantais ó chomhlacht gairmiúil ábhartha nó inniúlacht inléirithe** sa réimse ábhartha maidir le caomhnú foirgneamh a bheith ag an ngairmí tógála.

Sa chás go bhfuil an saineolas sonrach ag cleachtóir, m.sh. tuíodóir nó saor cloiche, d'fhéadfaí a mheas go gcomhlíonann siad ról ghairmí tógála chaomhantais do thionscadal ar leith.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil gá le **gairmí caomhantais cuí atá cáilithe** chun maoirseacht a dhéanamh ar na hoibreacha agus ar **mhodheolaíocht chuimsitheach agus fhónta a bheith** ag gabháil leis an iarratas.

(Féach thíos **Nóta Treorach maidir le Ráitis Mhodha**).

Ní mór d'aird a dhíriú ar an tuiscint go dteipeann ar thionscadail ag céim an mheasúnaithe, ceal ráiteas modha cuimsitheach cuí a bheith in easnamh.

Conas iarratas a Dhéanamh

Ba chóir d'iarratasóirí príobháideacha nó do ghrúpaí pobail atá ina n-úinéirí nó ina gcoimeádaithe ar struchtúir stairiúla:

- Foirm A a chomhlánú
- ceangail Ráiteas Modha cuimsitheach léi
- cuir isteach é chuig a nÚdarás Áitiúil roimh an dáta deiridh. **Is é gach Údarás Áitiúil a chinneann an dáta seo; moltar d'iarratasóirí an dáta ceart a sheiceáil lena n-Údarás Áitiúil.**

D’iarratas a chur isteach

Ní mór iarratais a chomhlíonann na critéir a chur faoi bhráid an Údaráis Áitiúil lena mbreithniú faoin spriocdháta.

Seiceáil go háirithe, le do thoil:

- Nach sáraíonn an méid maoinithe atá á lorg, an deontas uasta atá ar fáil
- Go bhfuil méid agus foinse an mhaoinithe chomhfhreagraigh luaite go soiléir
- Go bhfuil sonraí faoi mhaoiniú státchiste eile dearbhaithe

Moltar go láidir d’iarratasóirí meastóireacht a dhéanamh ar an amlíne agus ar na costais a bhaineann leis na hoibreacha atá beartaithe, agus rogha a bhreithniú maidir le maoiniú a iarraidh thar dhá bhliain.

Cuirtear eolas maidir le conas iarratas a chomhlánú i gceart ar fáil tríd an bhfoirm iarratais ar threoir, atá ar fáil ó d’Údarás Áitiúil agus ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Measúnú

Déanfar measúnú ar iarratais incháilithe lena roghnú de réir na gcritéar seo a leanas:

1. **Tábhacht**an struchtúir.
2. **Éifeachtúlacht** an deontais maidir le haidhmeanna an Chiste um Struchtúir Stairiúla a bhaint amach.
3. **Cáilíocht**na modheolaíochta agus fiúntas teicniúil na n-oibreacha atá beartaithe.
4. Rannchuidiú na n-oibreacha beartaithe **chun an struchtúr a choinneáil in úsáid, nó chun é a thabhairt ar ais in úsáid.**
5. **Leas poiblí nó pobail níos leithne** an tionscadail

Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn Tionscadail

Tuarascálacha Rialta Ar Dhul Chun Cinn

Mar chuid den phróiseas cistiúcháin faoi CSS 2027, déanfaidh an t-údarás áitiúil monatóireacht ar dhul chun cinn na dtionscadal lena áirithiú go gcuirfear na hoibreacha i gcrích agus go gcuirfear an t-éileamh ar chistiú isteach faoin spriocdháta go bhfuil gá leis. Éilítear ar an iarratasóir/gairmí caomhantais atá ag obair ar an tionscadal faisnéis ábhartha a chur ar fáil don údarás áitiúil maidir leis na hoibreacha a bhfuil maoiniú á fháil ag an tionscadal dóibh, lena n-áirítear oibreacha

a chríochnú, tosú, dul chun cinn, agus aon athruithe a d’fhéadfadh tarlú le linn na bliana féilire.

Maoiniú a Aischúiteamh

Ní mór don údarás áitiúil na hoibreacha a chur i gcrích agus a dheimhniú sular féidir maoiniú deontais a lorg. Ós rud é go bhfuil sé mar aidhm ag an maoiniú tacú le fostaíocht sna tionscail chaomhantais agus tógála, beidh ar an iarratasóir sonraí a chur ar fáil maidir leis na buntáistí fostaíochta a bhaineann leis an tionscadal.

Ní mór d'aird a dhíriú ar bhfíric, nach bhfuil aon dualgas ar an Roinn an deontas a bhronnadh sa chás nach gcuirtear oibreacha agus/nó oiliúint i gcrích de réir théarmaí na scéime, go háirithe nuair nach bhfuil scóip na n-oibreacha agus na hoibreacha nua ag teacht leis na caighdeáin riachtanacha dea-chleachtais caomhantais, toisc gur sárú ábhartha é seo ar théarmaí na tairisceana deontais.

Nóta Treorach maidir le Ráitis Mhodha

Ní mór don **Ráiteas Modha**, a chuireann an gairmí caomhantais ar fáil, cur síos a dhéanamh ar riocht an struchtúir, agus sonraí a thabhairt faoin gcaoi a dtabharfar faoi oibreacha caomhantais/deisiúcháin. Ní gá an doiciméad seo a bheith rófhada ach ní mór é a bheith **oiriúnach do chineál agus do scála na n-oibreacha atá beartaithe**, m.sh. ní bheidh an oiread sonraí ag teastáil ó Ráiteas Modha maidir le hathsheoladh agus a theastaíonn le haghaidh deisiúcháin struchtúrtha nó saoirseachta. Níor cheart go rachadh sé thar **DEICH** leathanaigh **A4**.

Ní mór an méid seo a leanas a bheith **san áireamh** sa **Ráiteas Modha**:

1. **Cur síos gonta ar an struchtúr.**
2. **Cur síos ar na hoibreacha atá beartaithe.**
3. **Ráiteas tionchair agus bearta maolaithe atá beartaithe (más infheidhme).**
4. **Crostagairt den Ráiteas Modha don phlean oiliúna, más cuí.**

Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi ráitis mhodha, féach ar Chiorclán an Chiste do Struchtúir Stairiúla, lena n-áirítear teimpléad Ráitis Modha, atá ar fáil ar shuíomhanna gréasáin uile na nÚdarás Áitiúil.

Sonraí Teagmhála

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an scéim seo, déan teagmháil, le do thoil, leis an Oifig um Chaomhnú Ailtireachta nó leis an Oifig Pleanála de chuid d'Údaráis Áitiúil nó leis an **tSeirbhís Náisiúnta Oidhreachta Tógtha, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta**, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, D01W6X0 nó seol ríomhphost chuig HSF@housing.gov.ie.

Téarmaí & Coinníollacha Deontais

Tabhair faoi deara nach mór d'oibreacha ceadaithe deontais gach riachtanas reachtúil a chomhlíonadh, lena n-áirítear cead pleanála agus, nuair is cuí, forálacha Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta. Tá gach iarratas faoi réir Saoráil Faisnéise. Chun liosta iomlán de théarmaí agus coinníollacha a fháil, féach ar Chiorclán an Chiste do Struchtúir Stairiúla, atá ar fáil ar shuíomhanna gréasáin uile na nÚdarás Áitiúil.

gov.ie/tithiocht

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland